

Breatimeacht agus an teorainn

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na cainteanna atá ar siúl faoi stádas Thuaisceart Éireann nuair a fhágfaidh An Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

- i. Cén tionchar a bheidh ag Breatimeacht ar Thuaisceart Éireann?
- ii. Ar cheart d'Éirinn imeacht ón AE, dar leat? Cén fáth?
- iii. Cén fáth ar vótáladh ar son Breatimeachta, dar leat?



Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- negotiators
- delegation
- that the DUP would not support
- Conservative Party
- under discussion
- accepted and acceptable
- steadfast
- that nearly happened
- falling foul of
- incredible
- leadership

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre.

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 ‘...deichniúr Feisirí...’

Na huimhreacha pearsanta a thugtar ar na huimhreacha a úsáidtear chun daoine a chomhaireamh.

Líon na bearnaí leis an uimhir phearsanta chuí:

1. duine amháin
2. beirt
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____

Líon na bearnaí sa bhosca leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal, chun na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta a chur in iúl. Tá sampla amháin déanta.

	_____ amháin	beirt	triúr-deichniúr
ceoltóir	<i>ceoltóir amháin</i>	<i>beirt cheoltóirí</i>	<i>triúr ceoltóirí</i>
mac			
iníon			
deartháir			
Francach			

Ceist 5 ‘...feiceann siadsan...’

- A. Cén téarma gramadaí a thugtar ar an bhfocal i gcló trom thuas?
- B. Cad faoi na cinn seo anois?
 mé
 tú _____
 sé/ é _____
 sí/ í _____
 muid/ sinn _____
 sibh _____
 siad/ iad _____
- C. Cuir na focail a bhreac tú síos in abairtí chun a n-úsáid cheart a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh; is leor iad a rá amach os ard leis an duine in aice leat.

Ceist 6 ‘...anonn...’ agus ‘...thall...’

Cuir na dobhriathra áite thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

anonn (sall), thall agus anall
siar, thiar agus aniar
soir, thoir agus anoir

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc, nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

- negotiators– *lucht idirbheartaíochta*
- delegation – *toscaireacht*
- that the DUP would not support – *nach dtacódh an DUP le*
- Conservative Party – *an Páirtí Caomhach*
- under discussion – *faoi chaibidil*
- accepted and acceptable – *glactha agus inghlactha*
- steadfast – *diongbháilte*
- that nearly happened – *ba dhóbair a tharla*
- falling foul of – *ag teacht salach ar*
- incredible – *dochreidte*
- leadership – *ceannaireacht*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. duine amháin
2. beirt
3. triúr
4. ceathrar
5. cúigear
6. seisear
7. seachtar
8. ochtar
9. naonúr
10. deichniúr

	_____ amháin	beirt	triúr-deichniúr
múinteoir	<i>ceoltóir amháin</i>	<i>beirt cheoltóirí</i>	<i>triúr ceoltóirí</i>
mac	<i>mac amháin</i>	<i>beirt mhac</i>	<i>ceathrar mac</i>
iníon	<i>iníon amháin</i>	<i>beirt iníonacha</i>	<i>naonúr iníonacha</i>
deartháir	<i>deartháir amháin</i>	<i>beirt deartháireacha</i>	<i>seisear deartháireacha</i>
Francach	<i>Francach amháin</i>	<i>beirt Fhrancach</i>	<i>ochtar Francach</i>

Bíonn an t-ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra tar éis na n-uimhreacha pearsanta. Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis 'beirt' ach amháin má thosaíonn sé ar **d**, **t** nó **s**.

Ceist 5

A. An fhoirm threise den fhorainm.

B. mé	<i>mise/ mé féin</i>
tú	<i>tusa/ tú féin</i>
sé, é	<i>seisean/ sé féin, eisean/ é féin</i>
sí, í	<i>sise/ sí féin, ise/ í féin</i>
muid/sinn	<i>muidne/ muid féin, sinne/ sinn féin</i>
sibh	<i>sibhse/ sibh féin</i>
siad, iad	<i>siadsan/ siad féin, iadsan/ iad féin</i>

C. Cleachtadh cainte atá sa cheist seo.

Ceist 6

Pléigh na habairtí a bhí ag na foghlaimeoirí.

An mbeidh tú ag dul anonn (sall) go Sasana go luath?

Tá mo dheirfiúr thall i Londain, agus beidh sí ag teacht anall don Nollaig.

An ndeachaigh tú siar aréir?

Cad a rinne tú thiar ansin?

Cén uair a bheidh tú ag teacht aniar?

An bhfuil Pól ag dul soir ar ball?

Níl. Tá sé thoir cheana féin agus beidh sé ag teacht anoir gan mhoill.

Eimear Ní Chonaola

Tá ceannaire an DUP, Arlene Foster, tar éis a rá tráthnóna gurb iad lucht idirbheartaíochta na Breataine a dúirt léi gurb iad Rialtas na hÉireann ba chúis nach bhfuair sí foclaíocht an chomhaontaithe idir Rialtas na Breataine agus an tAontas Eorpach go dtí an nóiméad deireanach inné. Tá an méid sin séanta go láidir anocht ag Rialtas na hÉireann. Dhiúltaigh Arlene Foster inniu do chruinniú le Príomh-Aire na Breataine i Londain agus chuir sí toscaireacht anonn ina háit. Dúirt sí le Theresa May nach dtacódh an DUP leis an bPáirtí Caomhach mura ndéanfaí leasú ar an téacs, a bhí faoi chaibidil inné idir an Bhreatain agus an tAontas Eorpach.

Áine Ní Ghallchóir

Deichniúr Feisirí atá ag an DUP in Westminster agus tá a dtacaíocht de dhíth ar Theresa May le fanacht i gcumhacht. Dúirt an Tánaiste, Simon Coveney, nach dtiocfadh le páirtí polaitiúil amháin cinneadh a dhéanamh faoi cad é atá glactha agus inghlactha ag Rialtas na hÉireann agus na Breataine, nó ag idirbheartaithe an Aontais Eorpaigh, go díreach siocair go bhfuil meá na cumhachta ag an DUP.

Ciarán Ó Prionntaigh, Tráchttaire

Tchí¹ cuid mhaith dá gcuid lucht tacaíochta féin, feiceann siadsan anois na fadhbanna atá a dhul a theacht le Breatimeacht, agus na fadhbanna a bhaineann le talmhaíocht, a bhaineann leis an ngeilleagar, daoine ag obair ar an dá thaobh den teorainn. Níor shuigh duine ar bith síos agus níor mhínigh siad daofa² cad iad na himpleachtaí a bheidh leis sin. Agus mar atá muid anois, inné ... gur caitheadh amach an rud a bhí measartha réasúnta inné, ní dóigh liom go mbeidh muid ábalta teacht ar réiteach a bhí chomh maith leis sin anois.

Áine Ní Ghallchóir

Dhiúltaigh ceannaire an DUP castáil³ le Príomh-Aire na Breataine go pearsanta i Londain inniu. Tá an DUP diongbháilte nach gcaitear ar dhóigh ar bith difriúil le Tuaisceart Éireann, ag rá go mbeadh an margadh ba dhóbair a tharla inné tubaisteach d'Aontachtóirí⁴ agus ag teacht salach ar Chomhaontú Aoine an Chéasta. Dúirt ceannaire an pháirtí tráthnóna, mura n-athrófar gnéithe den socrú⁵ a bhí molta inné, maidir leis an teorainn, nach mbeidh a dtacaíocht acu don Rialtas thall.

Eamonn Mallie, Tráchttaire

Caithfidh gur *spook* iad⁶ ar dhóigh éigin agus nach raibh siad sásta leis sin ar chor ar bith. Tá sé dochreidte nach raibh réiteach díreach, nach raibh tuiscint dhíreach⁷ idir an DUP agus Theresa May, maidir leis an gconradh. Like, tá seo dochreidte.

Áine Ní Ghallchóir

Níl aon amhras ach go bhfágann imeachtaí an lae inné cuma iontach lag ar cheannaireacht Theresa May. Bhí sí le pilleadh⁸ ar an Bhruiséil⁹ amárach in iarracht margadh a dhéanamh agus an bealach a réiteach don chéad chéim eile. Ach, gan fiú cruinniú le ceannaire an DUP, an té a chuir bac uirthi margadh a dhéanamh inné, ní dócha go dtarlódh sé sin amárach.

¹ *feiceann* an leagan caighdeánach

² *dóibh* an leagan caighdeánach

³ *casadh* an leagan caighdeánach

⁴ *Aontachtaithe* an leagan caighdeánach

⁵ *den tsocrú* a dúradh

⁶ *gur scanraíodh iad* a bhí i gceist, is dócha

⁷ *díreach* a dúradh

⁸ *filleadh* an leagan caighdeánach

⁹ Córas Uladh

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4 i mBéal Feirste.